AN IAR-BHUNSCOIL GHAELTACHTA

Eolas do Thuismitheoirí & do Chaomhnóirí

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

www.gaeloideachas.ie

Céard is iar-bhunscoil Ghaeltachta ann?

Tá an iar-bhunscoil Ghaeltachta suite laistigh de theorainn na Gaeltachta agus tá sí páirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachtaa*. Is í an Ghaeilge an phríomhtheanga foghlama agus chumarsáide san iar-bhunscoil Ghaeltachta. Múintear gach ábhar seachas Béarla agus teangacha iasachta eile trí Ghaeilge. Tugann daltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta faoin gcuraclam cuimsitheach céanna is a bhíonn ag daltaí in iar-bhunscoileanna lán-Bhéarla. Anuas air sin, baineann na daltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta tairbhe as na buntáistí ar fad a bhaineann le hoideachas dátheangach, lena n-áirítear buntáistí acadúla, pearsanta, teanga agus sóisialta. Is í príomhaidhm na hiar-bhunscoile Gaeltachta ná oideachas den scoth a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Cén t-éiteas atá ag iar-bhunscoileanna Gaeltachta?

Failtíonn an iar-bhunscoil Ghaeltachta roimh dhaltaí a thagann ó chúlraí éagsúla teanga, cultúir, creidimh agus socheacnamaíocha. Cuirtear béim ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht Ghaeltachta, chomh maith le béim ar rannpháirtíocht i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha, teanga, ceoil agus spóirt. Treisíonn agus saibhríonn na gníomhaíochtaí seo forbairt oideachasúil agus forbairt phearsanta na ndaltaí.

Tá éitis reiligiúnacha nó spioradálta éagsúla ag iar-bhunscoileanna Gaeltachta, ag brath ar an bpátrún atá acu. Tá roinnt scoileanna sainchreidmheach (Caitliceach), agus tá scoileanna eile ilchreidmheach. Tá Oideachas Reiligiúnach mar ábhar ar churaclam na Sraithe Sóisearaí agus ar churaclam na Sraithe Sinsearaí araon.

Déanaimid teagasc ar dhaltaí ó gach cúlra teanga!

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Tá an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* á chur i bhfeidhm sna hiar-bhun scoileanna Gaeltachta tríd *An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ó 2017. Is polasaí stáit é chun aitheantas na scoileanna a dhaingniú mar iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Is í an phríomhaidhm atá leis ná "*a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta*" (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-22, lch.7). Tá réimse tacaíochtaí breise curtha ar fáil do na scoileanna atá páirteach sa Pholasaí chun cabhrú leo feidhmiú ag barr a gcumas mar scoileanna Gaeltachta. I measc na dtacaíochtaí seo tá: uaireanta breise tacaíochta Gaeilge do dhaltaí, forbairt ghairmiúil leanúnach don fhoireann teagaisc, tacaíocht bhreise ón gCigireacht agus deontas don scoil chun acmhainní breise a cheannach do chur i bhfeidhm an Pholasaí.

Tá Scéim Cúntóirí Teanga a mhaoiníonn Roinn na Gaeltachta ag feidhmiú freisin i ngach iar-bhunscoil Ghaeltachta chun cuidiú leis an bhfoireann scoile an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil.

Cén fáth go bhfuil an Polasaí á chur i bhfeidhm?

De bharr a lán athruithe a bheith tagtha ar shochaí na Gaeltachta le blianta, tá measc teangacha anois sa phobal agus sa seomra ranga Gaeltachta. Dá bharr seo bíonn difríochtaí móra sa chaighdeán Gaeilge a bhíonn ag daltaí agus iad ag tosú amach san iar-bhunscoil Ghaeltachta. Is cainteoirí dúchais Gaeilge cuid acu a thagann ó na bunscoileanna Gaeltachta, bíonn beagán Gaeilge ag cuid eile a thagann ó theaghlaigh ar Béarla nó teanga eile a gcéad teanga baile. Bíonn roinnt daltaí nach mbíonn aon Ghaeilge acu ó theaghlaigh imirceoirí atá fillte abhaile nó ó theaghlaigh ó thíortha eile atá tar éis cur futhú sa Ghaeltacht. Tá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta ag tabhairt aghaidh ar an dúshlán teangeolaíochta seo trí mhúnla an tumoideachais a dhaingniú sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta.

Céard é tumoideachas?

Aithnítear gurb é an tumoideachas an córas is éifeachtaí chun teanga a fhoghlaim. Ciallaíonn tumoideachas san iar-bhunscoil Ghaeltachta go mbíonn na daltaí tumtha go hiomlán sa Ghaeilge - is trí Ghaeilge a dhéantar na hábhair ar fad, seachas staidéar ar an mBéarla agus teangacha iasachta. Chun go mbeidh rath ar an múnla seo, cinntítear go ndéantar freastal ar shainriachtanais na gcainteoirí dúchais agus ar shainriachtanais na ndaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge. Treisíonn an tumoideachas líofacht teanga na gcainteoirí dúchais agus cuireann sé bonnchloch láidir faoi chumas agus scileanna Gaeilge na bhfoghlaimeoirí.

Tugtar cúnamh do dhaltaí ionas gur féidir leo úsáid chruinn a bhaint as an teanga labhartha agus scríofa sna réimsí éagsúla den churaclam. Cabhraítear le daltaí dul i dtaithí ar an téarmaíocht a bhaineann go sainiúil leis na hábhair atá á ndéanamh acu. Tugtar cúnamh do dhaltaí a gcuid scileanna teanga a úsáid agus a fhorbairt ionas go mbeidh siad líofa i nGaeilge agus i mBéarla.

Beidh daltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta dátheangach agus bainfidh siad leas as na buntáistí a théann leis an dátheangachas.

Buntáistí an tumoideachais agus an dátheangachais

Beidh na daltaí líofa i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé léirithe i dtaighde idirnáisiúnta go gcruthaíonn an dátheangachas buntáistí don dalta - bíonn sé níos éasca aige teangacha eile a fhoghlaim, bíonn scileanna cumarsáide, tuisceana agus ceistiúcháin níos fearr aige, bíonn tuiscint agus ómós aige dá chultúr agus dá fhéiniúlacht féin agus do chultúir eile.

Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúrtha a bhaineann leis an dátheangachas, baineann daltaí leas as oideachas lán-Ghaeilge ar go leor bealaí eile. Seo roinnt de na buntáistí, dar le daltaí a d'fhreastail ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge: an spéis a spreagtar sa Ghaeilge agus sa dátheangachas; an bród a chothaítear as cultúr na hÉireann; pointí breise bronnta ar scrúduithe Ardteistiméireachta a dhéantar trí Ghaeilge; buntáistí cognaíocha an dátheangachais; foghlaim teangacha breise; agus áisiúlacht an oideachais lán-Ghaeilge mar gheall ar eispéireas den chineál céanna ag leibhéal na bunscoile *(Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2020)*.

Céard iad na buntáistí eile a bhíonn ag daltaí na hiar-bhunscoile Gaeltachta?

- Faigheann siad sárchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge.
- Bíonn tuiscint dhomhain acu ar a n-oidhreacht Ghaeltachta agus iad feasach ar an saibhreas teanga agus cultúir timpeall orthu.
- Bíonn siad dátheangach, líofa i nGaeilge agus i mBéarla agus scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu sa dá theanga. Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta go ndéanann an dátheangachas níos éasca é teangacha eile a shealbhú.
- Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúir a bhaineann leis an dátheangachas, tá buntáistí eile a bhaineann leis. Féach ar na leathanaigh a leanas:

Buntáistí an Dátheangachais

Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le daltaí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**

Bíonn scileanna cuimhne níos fearr acu

Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalar Alzheimer

Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn daltaí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil

Scileanna inaistrithe iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Bíonn tuiscint níos fearr acu ar na **bunchlocha teanga;** gramadach, déanamh focal, ord abairte

Níos éasca do dhaltaí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



Muinín agus Féiniúlacht

Bíonn níos mó glacadh ag na daltaí le cultúir éagsúla agus bíonn **meas níos mó** acu orthu

Spreagtar **ilchultúrachas** níos doimhne agus níos lú ciníochais

Bíonn tuiscint níos fearr ag na daltaí ar a gcuid féiniúlachta féin — bíonn **féinmheas** níos mó acu

Gnóthachtáil san oideachas

Is féidir go mbronnfar marcanna bónais ar iarrthóirí Ardteiste a fhreagraíonn trí Ghaeilge páipéir scríofa in ábhair atá ainmnithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
Féach **www.examinations.ie**

Ceisteanna coitianta

Cén buntáiste atá sa tumoideachas don chainteoir dúchais?

Tugann an tumoideachas an deis do dhaltaí, ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, cur lena líofacht agus a gcuid scileanna teanga a shaibhriú. De bharr go mbeidh na hábhair churaclaim ar fad seachas Béarla agus teangacha iasachta á múineadh trí Ghaeilge agus gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide, riaracháin agus shóisialaithe na scoile, beidh Gaeilge an chainteora dúchais á saibhriú go leanúnach. Tacaíonn an tumoideachas, sa seomra ranga agus lasmuigh de, le húsáid na Gaeilge sa teaghlach.

Cén buntáiste atá sa tumoideachas don fhoghlaimeoir?

Tá sé cruthaithe go hidirnáisiúnta gurb é cur chuige an tumoideachais nó a bheith tumtha sa teanga an bealach is fearr chun teanga nua a fhoghlaim. Faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, tá acmhainní breise agus uaireanta breise tacaíochta teanga curtha ar fáil chun díriú ar shainriachtanais teanga an fhoghlaimeora.

Cén chaoi ar féidir liom cabhrú le mo pháiste agus é/í ag tosú san iar-bhunscoil Ghaeltachta?

Tá go leor bealaí chun cabhrú le do pháiste chun go mbeidh eispéireas taitneamhach foghlama aici/aige. Tá sé tabhachtach go léireoidh tuismitheoirí/caomhnóirí meon dearfach, tacúil agus spreagúil i leith na scoile. Is í an aidhm leis an obair bhaile ag an leibhéal seo ná cumas an dalta mar fhoghlaimeoir neamhspleách a chothú tríd an méid atá clúdaithe acu cheana féin sa rang a threisiú. Mar dhalta dátheangach, beidh do pháiste in ann an obair bhaile a tugadh dóibh a mhíniú sa teanga a labhraíonn sibh le chéile sa bhaile.
Tá sé ríthábhachtach go mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí dearfach i leith na Gaeilge fiú muna bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu féin. Moltar an méid Gaeilge atá agat a úsáid le do pháiste.

Tá neart deiseanna ar fáil anois sa Ghaeltacht chun Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar do chuid Gaeilge :

www.irishforparents.ie: Tá an suíomh idirlín seo curtha ar fáil ag Gaeloideachas chun cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí a gcuid Gaeilge a fheabhsú, má tá suim acu sin a dhéanamh.

Eagraíocht Pleanála Teanga: Tá Eagraíochtaí Pleanála Teanga bunaithe i ngach Gaeltacht agus Oifigigh Pleanála Teanga fostaithe acu. Is fiú go mór fiosrú leis an eagraíocht i do cheantar an bhfuil ranganna Gaeilge/imeachtaí sóisialta do thuismitheoirí ar bun acu i gcomhar leis an scoil áitiúil. Is féidir eolas a fháil faoi d'Eagraíocht Pleanála Teanga áitiúil anseo: **www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/pleanail-teanga/**

Tuismitheoirí na Gaeltachta: Cuireann an eagraíocht náisiúnta Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnamh agus comhairle ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Gach eolas ag: **www.tuismitheoiri.ie**

Céard faoin mBéarla? An mbeidh daltaí na Gaeltachta faoi mhíbhuntáiste de bharr a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge?

Ní bheidh! Beidh na daltaí a fhreastalaíonn ar an iar-bhunscoil Ghaeltachta líofa i nGaeilge agus i mBéarla. Is dea-thionchar seachas a mhalairt a bhíonn ag an tumoideachas lán-Ghaeilge ar chumas an dalta teangacha nua a fhoghlaim. Méadaíonn cumas an dalta i dteangacha eile, an Béarla san áireamh.

Is croí-ábhar é an Béarla sa churaclam iar-bhunscoile agus bíonn spriocanna soiléire leagtha síos don dalta maidir le scileanna labhartha, scileanna léitheoireachta agus scileanna scríbhneoireachta. Is é an cúrsa Béarla céanna agus na scrúduithe céanna Béarla a dhéanann daltaí sna iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus sna hiar-bhunscoileanna lán-Bhéarla. Tugtar eispéiris shaibhre i mBéarla agus i nGaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus forbraíonn siad réimse príomhscileanna litearthachta agus béil i ngach aon teanga. Déanann scoileanna measúnuithe rialta chun forbairt na ndaltaí sa dá theanga a mheas.

Céard faoi roghanna dóibh i ndiaidh a gcuid oideachais iar-bhunleibhéil a chríochnú?

Tá go leor roghanna ar fáil do dhaltaí a fhaigheann a gcuid oideachais iar-bhunleibhéil i scoileanna Gaeltachta, is cuma má chinneann siad leanúint ar aghaidh ag staidéar ag an 3ú leibhéal, dul le printíseacht nó tús a chur lena saol oibre.

Tugann an dátheangachas nó an t-iltheangachas go leor deiseanna breise sa saol gairmiúil. Tá daltaí na Gaeltachta ag staidéar réimse leathan ábhar in institiúidí 3ú leibhéal in Éirinn agus thar lear - airgeadas, dlí, cuntasaíocht, eolaíocht, mata, leigheas, innealtóireacht, na healaíona, na daonnachtaí, oideachas, teicneolaíocht na faisnéise agus eile. Téann siad le printíseachtaí agus le gairmeacha eile de bharr na scileanna atá foghlamtha acu ar scoil.

Coinnítear 10% d'áiteanna d'iarrthóirí Gaeltachta ar na cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí bunscoile agus laghdaítear líon na bpointí Ardteiste d'iarrthóirí Gaeltachta chun cáiliú do na cúrsaí.

An bhfuil oideachas Gaeltachta oiriúnach do dhaltaí le riachtanais bhreise oideachais?

Cuireann iar-bhunscoileanna Gaeltachta oideachas ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, idir fhisiciúil agus oideachasúil; daltaí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta ag cur as dóibh, daltaí atá ar an speictream uathachais, chomh maith le daltaí a bhfuil disléicse orthu agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais eile acu. Cuirtear na tacaíochtaí céanna ar fáil do na daltaí seo i scoileanna Gaeltachta is a chuirtear ar fáil i scoileanna lán-Bhéarla. Aithníodh i dtuarascáil ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a foilsíodh in 2011, go gcuireann oideachas dátheangach le fás sóisialta, mothúchánach agus idirphearsanta na ndaltaí.

Le roinnt blianta, táthar ag cur leis an soláthar ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, le freastal ar dhaltaí le riachtanais bhreise oideachais.

Moltar duit labhairt go díreach leis an scoil atá ar intinn agat do do pháiste le fáil amach an bhfuil beartas maith ionchuimsitheachta ag an scoil, an bhfuil taithí ag an bhfoireann le daltaí a bhfuil na riachtanais chéanna acu is atá ag do pháiste agus cén leibhéal tacaíochta is féidir leo a chur ar fáil, bunaithe ar a riachtanais aonair.

D'fhéadfadh daltaí a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu a bheith incháilithe do shocruithe áirithe le linn scrúduithe, ag brath ar cé chomh dian is atá a riachtanas. Cuirtear treoirlínte ar fáil ach déantar leasú orthu gach bliain. Ní mór seiceáil leis an scoil faoi na treoirlínte agus na spriocdhátaí is deireanaí d'iarratais.

Tabhair cuairt ar ár rannóg faoi riachtanais bhreise oideachais ar shuíomh gréasáin Gaeloideachas: **www.gaeloideachas.ie/oideachas-speisialta**

Cé na deiseanna seachchuraclaim a bhíonn ar fáil do dhaltaí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta?

Glacann daltaí iar-bhunscoileanna Gaeltachta páirt i réimse leathan gníomhaíochtaí seachchuraclaim. Leagtar béim an-mhór ar an gcultúr Gaelach - ceol, drámaíocht, díospóireacht, cluichí, damhsa agus eile. Saibhríonn na gníomhaíochtaí seo a muinín agus a bhforbairt phearsanta, a gcuid scileanna foghlama, teanga agus sóisialta. Glacann siad páirt in imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bíonn duaiseanna speisialta ag cuid de na himeachtaí, cosúil leis an Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta, dóibh siúd a ghlacann páirt i nGaeilge. Téigh i dteagmháil le do scoil áitiúil chun fáil amach a bhfuil ar bun acu.

An bhfaigheann daltaí marcanna bónais san Ardteistiméireacht?

Faigheann. Is féidir go mbronnfar marcanna bónais ar iarrthóirí a fhreagraíonn scrúdú scríofa Ardteiste trí Ghaeilge. Féach **www.examinations.ie**

Tacaíocht do Thuismitheoirí

Tá Gaeloideachas anseo chun tacú leat féin agus le do pháiste ar aistear an oideachais Ghaeltachta.
Má theastaíonn cabhair nó comhairle uait, táimid anseo!

- ▸ Abhcóideacht
- ▸ Físeáin ar go leor ábhar **bit.ly/GaeloidYT**
- ▸ Bileoga eolais **bit.ly/GaeloidPromo**
- ▸ **IrishforParents.ie**
- ▸ Fóram do Thuismitheoirí **bit.ly/FbGaeloidTuis**
- ▸ Cainteanna agus Seimineáir **bit.ly/seimineair**

Fúinn

Eagraíocht naisiúnta is ea Gaeloideachas, a thacaíonn le forbairt an oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bunaíodh Gaeloideachas faoin ainm Gaelscoileanna in 1973 chun tacú le Gaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Anois, tá soláthar seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta, do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus seirbhísí do thuismitheoirí faoi chúram na heagraíochta chomh maith.

Cuireann Gaeloideachas comhairle, cabhair agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo go bhfreastalódh a bpáistí ar scoil Ghaeltachta nó scoil lánGhaeilge, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideachta dóibh siúd atá ag obair san earnáil.

Gorlann Ghnó na Forbacha
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe, H91 TY22, Éire

087-9452452 / 087-9155114

Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353-1-853 5195
eolas@gaeloideachas.ie www.gaeloideachas.ie

@Gaeloideachas
@Gaeloid
@gaeloideachas

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta